Polasaí um Fhóin Phóca
COLÁISTE NAOMH EOIN
Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe
Scoilbhliain 2026/2027

Polasaí um Fhóin Phóca

Leagtar amach sa pholasaí seo cathain a thugann scoláirí a bhfóin don scoil, don mhaoirseoir staidéir agus don bhean an tí, agus cathain a bhíonn rochtain cheadaithe acu orthu. Is é an cuspóir timpeallacht foghlama níos dírithe agus níos sábháilte a chruthú, príobháideacht daoine eile a chosaint, agus riachtanais sláinte agus chumarsáide riachtanacha a chomhlíonadh.

Baineann sé le gach scoláire, lena n-áirítear scoláirí atá os cionn 18 mbliana d'aois. Baineann na rialacha maidir le cóiríocht óstach leis na scoláirí atá ag fanacht le teaghlaigh óstacha faoin socrú cóiríochta cuí. Léifear an polasaí seo in éineacht leis an gCód Iompraíochta, an Polasaí um Úsáid Inghlactha, Polasaí Bí Cineálta, an ráiteas um chosaint leanaí agus na socruithe cóiríochta.

1 Príomhrialacha agus amanna

Tráth	Riail
Rollghlao 08:55	Tugann gach scoláire an fón múchta nó ar mhód eitilte don bhall foirne ainmnithe.
Deireadh an lae 15:45	Tugtar an fón ar ais de ghnáth ag imeacht ón scoil, faoi réir Roinn 3.
Staidéar 18:15–20:15	Tugtar an fón don mhaoirseoir staidéir ag 18:15 agus tugtar ar ais é ag 20:15.
Cóiríocht óstach 22:00	Tugann an scoláire an fón don bhean an tí ag 22:00; tugtar ar ais é ar maidin.
Deireadh seachtaine ar an oileán	Socraíonn an teaghlach óstach an rochtain de réir an chomhaontaithe cóiríochta, agus cuirtear an socrú in iúl roimh ré.
Turais agus gníomhaíochtaí	Féadfar rochtain a cheadú faoi threoir an bhaill foirne atá i gceannas agus faoi na rialacha thíos.

2 I rith an lae scoile

Ag 08:55, ag an rollghlao, tugann gach scoláire a fón pearsanta don bhall foirne ainmnithe. Caithfear é a mhúchadh nó a chur ar mhód eitilte sula dtugtar isteach é. Coimeádfar é i stóras slán faoi smacht na scoile. Ní bhíonn rochtain ag scoláirí ar a bhfóin i rith ranganna, sosanna ná am lóin, ach amháin faoi dhíolúine cheadaithe.

Coinneoidh an scoil taifead simplí ar fhóin a fhaightear agus a thugtar ar ais. Ní dhéanfar sonraí nach bhfuil gá leo a bhailiú. De ghnáth, tugtar an fón ar ais ag 15:45 don scoláire agus é/í ag imeacht, faoi réir Roinn 3; más gá scoláire imeacht níos luaithe, déanfaidh an oifig an socrú tabhartha ar ais a dheimhniú.

Ní iarrfar ar scoláire fón a úsáid sa rang mar ghnáthriail. Más gá gléas le haghaidh foghlama, úsáidfear gléas scoile nuair is féidir nó cead sonrach ón múinteoir, faoi réir an Pholasaí um Úsáid Inghlactha.

3 Teacht déanach agus coinneáil an fhóin

Caithfidh scoláire a thagann i ndiaidh 08:55 an fón a thabhairt don oifig nó don bhall foirne ainmnithe láithreach ar theacht isteach dó/di. Is é an gnáthshocrú é a thabhairt ar ais ag 15:45. Ní smachtbhanna ar leith é an gnáthbhailiú laethúil seo.

I gcás moille gan údar réasúnach, féadfaidh an Príomhoide nó an Leas-Phríomhoide, tar éis labhairt leis an scoláire agus an comhthéacs a mheas, an fón a choinneáil tar éis 15:45 go dtí an chéad lá scoile eile (oíche scoile amháin). I gcás moilleanna gan údar réasúnach a tharlaíonn arís, féadfar é a choinneáil ar feadh suas le trí oíche scoile as a chéile. Ní smachtbhanna uathoibríoch é seo; féadfar freagra eile faoin gCód Iompraíochta, lena n-áirítear tacaíocht tinrimh, a roghnú ina ionad.

Sula gcoinnítear fón thar oíche, cuirfear an scoláire agus a thuismitheoir/caomhnóir ar an eolas faoin gcúis, faoin dáta agus faoin am a thabharfar ar ais é, agus faoin mbealach chun an cinneadh a phlé leis an bPríomhoide. I gcás scoláire atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, cuirfear in iúl dó/di go díreach é. Déanfar taifead agus stóráil shlán. Tabharfar an fón ar ais tráth nach déanaí ná 15:45 ar an lá scoile deireanach den tréimhse; ní choinneofar thar dheireadh seachtaine, thar shaoire ná thar oíche roimh thuras a éilíonn cumarsáid riachtanach é. Má imíonn scoláire níos luaithe, socrófar rochtain nó tabhairt ar ais de réir riachtanais sábháilteachta agus taistil.

Cuirfear moill báid nó iompair, tinneas, míchumas, imní leasa agus cúinsí teaghlaigh san áireamh. Ní bhainfear rochtain atá riachtanach ar chúis sláinte, cosanta nó éigeandála; socrófar bealach éifeachtach chun teagmháil a dhéanamh leis an teaghlach agus cabhair a lorg. I gcás scoláire cónaithe, cuirfear an bhean an tí ar an eolas roimh ré agus aontófar conas a fheidhmeoidh an socrú taobh leis an riail 22:00. Ní úsáidfear coinneáil thar oíche mura féidir na socruithe sin a dhéanamh go sábháilte agus go comhréireach.

4 Staidéar agus gníomhaíochtaí eile

I rith staidéir ó 18:15 go 20:15, tugann scoláirí a bhfóin don mhaoirseoir staidéir ag an tús. Déanann an maoirseoir iad a stóráil go slán agus a thabhairt ar ais ag deireadh an tseisiúin. Beidh socrú ar leith ag scoláire a bhfuil rochtain riachtanach de dhíth air/uirthi ar chúis sláinte nó riachtanas eile ceadaithe.

Má bhíonn scoláirí i mbun gníomhaíochta eile faoi mhaoirseacht na scoile, féadfaidh an ball foirne atá i gceannas cead a thabhairt dóibh an fón a choinneáil nó a úsáid ar chúis shonrach, mar shampla sábháilteacht, athrú ar shocruithe bailithe nó tasc foghlama. Déanfar an cead, a raon agus a thréimhse a shoiléiriú do na scoláirí. I rith an ghnáthlae scoile, coinnítear an díolúine chomh teoranta agus is gá.

5 Turais scoile agus turais lae

Bíonn rochtain ag scoláirí ar a bhfóin ar thurais scoile agus ar thurais lae de réir na dtreoracha a thugann ceannaire an turais. Féadfar iad a choinneáil chun teagmháil a dhéanamh i gcás athruithe taistil, bailithe, éigeandála nó sábháilteachta. Socrófar amanna nó áiteanna ina gcaithfear na fóin a chur ar leataobh, amhail gníomhaíocht threoraithe nó áit a gcuireann an t-ionad cosc ar fhóin.

Má tharlaíonn turas i rith an lae scoile, ní cead ginearálta gan teorainn é seo: beidh úsáid nó rochtain teoranta don mhéid atá riachtanach agus réasúnach don turas. Cuirfidh an scoil na socruithe praiticiúla in iúl do thuismitheoirí agus do scoláirí roimh ré. Leanann rialacha maidir le grianghrafadóireacht, taifeadadh agus iompar ar líne i bhfeidhm.

6 Cóiríocht óstach

Tugann scoláire atá ag fanacht le teaghlach óstach a fón don bhean an tí ag 22:00. Stórálfar go sábháilte é agus tabharfar ar ais don scoláire é ar maidin, in am don scoil nó don taisteal. Ansin tugtar isteach don scoil é ag rollghlao 08:55 mar a dhéantar do gach scoláire.

Nuair a fhanann scoláire ar an oileán ag an deireadh seachtaine, socraíonn an teaghlach óstach na huaireanta agus na coinníollacha rochtana mar chuid den chomhaontú cóiríochta. Cuirfear na rialacha in iúl don scoláire agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh ré, agus cuirfear san áireamh aois an scoláire, cumarsáid réasúnach leis an teaghlach, sábháilteacht agus aon phlean sláinte. I gcás scoláire

atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, cuirfear an socrú in iúl dó/di go díreach agus beidh sé mar chuid den chomhaontú cóiríochta a bhaineann leis/léi.

Ní chuireann an riail 22:00 ná rialacha an deireadh seachtaine bac ar rochtain atá riachtanach do mhonatóireacht sláinte, do ghlaoch éigeandála nó do chumarsáid chosanta. Déanfaidh an Príomhoide, an teaghlach óstach agus an scoláire/tuismitheoir socrú aonair slán nuair is gá. Ní dhéanfaidh bean an tí ábhar pearsanta an fhóin a iniúchadh mar chuid den ghnáthstóráil.

7 Díolúintí agus rochtain riachtanach

Breithneofar díolúintí ar bhonn cothrom trédhearcach agus ar bhonn riachtanais aonair. D'fhéadfadh siad a bheith de dhíth mar gheall ar mhonatóireacht glúcóis nó seachadadh inslin, riocht leighis eile, riachtanas folláine, riachtanas speisialta oideachais nó míchumas, nó cúis phraiticiúil nó atruach shonrach. Ní cheadaíonn díolúine úsáid ghinearálta neamhghaolmhar leis an riachtanas.

Déanfaidh tuismitheoir/caomhnóir nó scoláire fásta iarratas ar an bPríomhoide; féadfar socrú sealadach a dhéanamh láithreach má bhíonn práinn ann. Comhaontófar an cuspóir, an rochtain a theastaíonn, an chaoi a n-oibreoidh sé sa rang, sa staidéar, ar thuras agus i gcóiríocht, agus cé acu baill foirne a dteastaíonn an t-eolas uathu. Ní iarrfar ach an t-eolas sláinte is gá. Déanfar athbhreithniú ar an socrú nuair a athraíonn an riachtanas. Is féidir cinneadh a athbhreithniú leis an bPríomhoide agus ansin trí ghnáthnósanna gearáin na scoile.

8 Grianghraif fuaim agus físeán

Ní cead do scoláirí grianghraif a thógáil ná fuaim nó físeán a thaifeadadh le fón pearsanta le linn an lae scoile, ar thailte na scoile ná i gcóiríocht óstach. Baineann an riail le ranganna, sosanna, limistéir chomhroinnte agus seomraí príobháideacha. Ní cead ábhar a bhaineann le scoláire, ball foirne ná ball teaghlaigh óstaigh a roinnt, a phostáil ná a shruthú gan údarú cuí. Tá taifeadadh i seomra leapa, seomra folctha, leithreas nó spás príobháideach eile toirmiscthe go hiomlán.

Féadfaidh an scoil úsáid theoranta a údarú roimh ré le haghaidh tasc oideachais faoi mhaoirseacht, nuair a chomhlíontar ceanglais príobháideachta, cosanta leanaí agus an Pholasaí um Úsáid Inghlactha. Ar thuras, féadfar grianghraif phearsanta de radharcanna a ghlacadh de réir threoracha an cheannaire; ní cead duine eile a ghrianghrafadh nó a thaifeadadh gan cead cuí ná in áit ina bhfuil cosc ar ghrianghrafadóireacht. Ní mhaíonn an polasaí seo gur sárú ar GDPR é gach grianghraf pearsanta; is riail iompair agus cosanta sa scoil agus sa chóiríocht í.

Má fhaigheann scoláire ábhar a léiríonn bulaíocht, ciapadh, íomhá dhlúthphearsanta nó imní chosanta leanaí, níor cheart é a scaipeadh ná a scriosadh mar ghnáthfhreagra. Ba chóir é a chur in iúl go pras do dhuine fásta iontaofa nó don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Déileálfaidh an scoil leis de réir Pholasaí Bí Cineálta, nósanna imeachta cosanta leanaí agus, nuair is cuí, le comhairle ó na Gardaí. Ní cheadaítear íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan toiliú; d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020.

9 Sáruithe agus nós imeachta cothrom

Má úsáideann scoláire fón gan chead nó má dhiúltaíonn sé/sí é a thabhairt isteach, iarrfaidh ball foirne air/uirthi stopadh agus an fón a thabhairt isteach go slán. Taifeadfar an tarlú agus tabharfar deis don scoláire a mhíniú cad a tharla. Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas nuair is cuí. Cuirfear bearta de réir Chód Iompraíochta na scoile i bhfeidhm go cothrom, i gcomhréir le tromchúis agus comhthéacs an cháis. Ní bheidh pionós comhchoiteann ann.

Ní chuardóidh ball foirne ábhar pearsanta an fhóin ná ní éileoidh sé/sí pasfhocal mar chuid den ghnáthfheidhmiú. Má tá amhras tromchúiseach faoi dhíobháil, déanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid an

Phríomhoide, an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus/nó na n-údarás cuí de réir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm. Seachnófar baint neamhúdaraithe le sonraí pearsanta.

10 Cumarsáid agus freagrachtaí

I gcás práinne i rith an lae scoile, déanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil le hoifig na scoile; cabhróidh an oifig leis an scoláire teagmháil a dhéanamh leo nuair is gá. Tar éis scoile, i staidéar nó i gcóiríocht óstach, úsáidfear an cainéal teagmhála a cuireadh in iúl do theaghlaigh. Ní úsáidfear an riail fóin chun bac a chur ar scoláire cabhair a lorg.

Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí rialuithe tuismitheoirí atá oiriúnach d'aois a chur ar fhón a linbh agus labhairt leis/léi faoi shuíomhanna, am scáileáin, príobháideacht agus roinnt íomhánna lasmuigh d'uaireanta scoile. Ní dhéanann rialú teicniúil ionad comhrá agus tacaíochta. I gcás scoláire fásta, déanfar an chomhairle seo a phlé leis/léi go díreach.

Tá freagracht ar an scoláire as an fón a thabhairt isteach in am agus gan gléas eile a úsáid chun na rialacha a sheachaint. Déanfaidh an scoil agus an maoirseoir staidéir stóráil réasúnta shlán agus próiseas soiléir tabhartha ar ais. Déanfaidh an teaghlach óstach a shocruithe stórais féin a chur i bhfeidhm de réir an chomhaontaithe cóiríochta. Má chailltear nó má dhéantar damáiste do ghuthán agus é i gcúram duine eile, cuirfear an teagmhas in iúl gan mhoill agus déileálfar leis de réir na bhfíricí agus na bhfreagrachtaí dlí ábhartha.

11 Cosaint sonraí agus cur i bhfeidhm

Coimeádfar aon taifead a bhaineann le fón, díolúine, imní nó sárú go slán, ní roinnfear é ach le daoine a bhfuil gá gairmiúil acu leis, agus coinneofar é de réir bheartas coinneála taifead BOOGR agus an fhaisnéis phríobháideachta is infheidhme. Baineann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, le próiseáil sonraí pearsanta ag an scoil.

Déanfar comhairliúchán leis an bhfoireann, leis na scoláirí, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus, maidir leis na forálacha cóiríochta, le teaghlaigh óstacha roimh fhaomhadh. Foilseofar an polasaí ar shuíomh na scoile agus tabharfar cóip do scoláirí agus do thuismitheoirí. Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil nó níos luaithe má athraíonn an treoir, an dlí nó na socruithe scoile.

Bunús beartais agus treoir

- Ciorclán 0045/2025 ón Roinn Oideachais agus Óige: srian ar úsáid agus rochtain ar fhóin phóca pearsanta le linn an lae scoile.
- An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 23, agus treoir Tusla Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools maidir le smachtbhannaí cothroma comhréireacha.
- Treoir an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, Data Protection Toolkit for Schools (2024); RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus nósanna imeachta cosanta leanaí atá glactha ag an scoil; Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi (2024).

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar: _____

Síniú an Chathaoirligh: Ciarán Ó Cathasaigh Dáta: 10/07/26.

Síniú an Phríomhoide: Mná Bhéthaste. Dáta: 10/07/26

Dáta athbhreithnithe: 15/06/2028.